Parlaimint na hEorpa
2014 - 2019

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2018)0205

Raonta básmhaireachta iascaireachta agus leibhéil choimirce le haghaidh stoic scadáin áirithe i Muir Bhailt ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Bealtaine 2018 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 a mhéid a bhaineann le raonta básmhaireachta iascaireachta agus leibhéil choimirce le haghaidh stoic scadáin áirithe i Muir Bhailt (COM(2017)0774 – C8-0446/2017 – 2017/0348(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0774),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0446/2017),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an14 Feabhra 2018[1],

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 8 Bealtaine 2018 chun seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A8-0149/2018),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P8_TC1-COD(2017)0348

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 29 Bealtaine 2018 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2018/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 a mhéid a bhaineann le raonta básmhaireachta iascaireachta agus leibhéil choimirce le haghaidh stoic scadáin áirithe i Muir Bhailt.

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2018/976.)